Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**5885/25**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2024/0266(NLE)**
**2024/0267(NLE)**

**RECH 38**
**COASI 25**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 14668/24 + ADD 1<br>14669/24 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais<br>- Glacadh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. Ag an gcruinniú a bhí aici an 15 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle an Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh Comhaontú maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na Cóiré le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027).[1]

[1] IO L 146, 6.6.2023, lgh. 18-19.

2. Mar thoradh ar an gcaibidlíocht a tugadh chun críche le Poblacht na Cóiré, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 17 Deireadh Fómhair 2024 togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais[2], mar aon le téacs an Chomhaontaithe mar aguisín a ghabhann leis an togra, agus le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin.[3]

3. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Thaighde an 13 Samhain 2024 agus ag an gcruinniú a bhí ag Meitheal COASI an 30 Eanáir 2025, thíolaic an Coimisiún a thograí agus scrúdaigh an dá mheitheal iad. Tháinig toscaireachtaí na Meithle um Thaighde ar chomhaontú i ndáil le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir leis an síniú agus an cur i bhfeidhm sealadach, lena n-áirítear téacs an Chomhaontaithe, agus i ndáil le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích, tar éis comhairliúchán i scríbhinn a tugadh chun críche an 22 Samhain 2024.

4. Rinne na saineolaithe dlí agus teanga an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe, an Comhaontú féin agus an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe in 16702/24, 16703/24 agus 16701/24 faoi seach, a fhíorú agus bailchríoch a chur orthu.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle, le linn chuid 'A' de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an méid seo a leanas:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú agus an cur i bhfeidhm sealadach, mar a leagtar amach in 16702/24 é, a ghlacadh agus a chinneadh Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE;

– comhaontú i bprionsabal a sholáthar maidir leis an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 16703/24 é agus a chinneadh é a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa lena thoiliú, mar aon le téacs an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 16701/24 é, tar éis shíniú an Chomhaontaithe.

[2] 14669/24 + ADD1.
[3] 14668/24 + ADD1.